# Forbairt Beochana

# Cúla4

# 2026

# An dáta deiridh d'iarratais: 16:00 an 31 Lúnasa 2026

**Tá córas coimisiúnaithe nua i bhfeidhm ag TG4 – TG4 eCoimisiúin. Chun iarratas a dhéanamh ní mór duit clárú ar an gcóras nua** https://ecoimisiuin.tg4.ie/

**SRAITH 13 CLÁR**

**Le craoladh:** Cúla4, Cúla4.com agus Seinnteoir TG4
**Aoisghrúpa**: 5-7 nó 7–9 mbliana d'aois
**Líon agus Fad**: 13 X 7 nóim / 11 nóim

## Céard atá uainn?

Tá Cúla4 ag lorg na gcéad IPanna beochana Gaeilge eile le carachtair nua a mbeidh páistí ag iarraidh filleadh orthu arís agus arís eile agus a mbeifear ábalta iad a fhás agus a fhorbairt ina sraitheanna agus ina mbrandaí láidre.

Táimid ag lorg saothar atá dána, comhaimseartha, spraíúil agus samhlaíoch. Ba cheart don Ghaeilge a bheith fite fuaite go nádúrtha i gcroílár na sraithe agus í a bheith lárnach san fhéiniúlacht chruthaitheach ón tús agus go mbeadh sé le haithint uirthi gur sraith í do Cúla4/TG4.

Is é an aidhm atá leis an tionscnamh seo ná infheistíocht fhadtéarmach a dhéanamh i bhforbairt IPanna bunaidh Gaeilge agus an chéad ghlúin eile de shraitheanna beochana a fhorbairt a mbeidh acmhainn chruthaitheach agus idirnáisiúnta acu. Ba cheart go mbeadh uaillmhian ag gach iarratas beochan a chruthú a sheasfaidh leis an mbeochan idirnáisiúnta is fearr don aoisghrúpa seo agus ag an am céanna féiniúlacht chruthaitheach shainiúil a fhorbairt nach bhféadfaí a chruthú ach trí mheán na Gaeilge.

### Sprioclucht féachana 5-7 mbliana d'aois

Tá muid ag lorg smaointe cruthaitheacha, nuálacha atá dírithe ar spéiseanna an sprioclucht féachána seo. Ba chóir don scéalaíocht a bheith cliste le carachtair agus domhan intuigthe. Is maith leis an sprioclucht féachána seo ábhar atá tarraingteach, spraíúil agus a bhfuil féith an ghrinn go láidir ann.

**Sprioclucht féachana 7-9 mbliana d'aois**

Tá lucht féachana 7–9 mbliana d'aois ag súil le hábhar beochana atá chomh samhlaíoch, chomh greannmhar agus chomh huaillmhianach leis an ábhar is fearr atá ar fáil ar na hardáin idirnáisiúnta. Táimid ag lorg sraitheanna beochana atá bunaithe ar choincheap bunaidh láidir, le carachtair shainiúla, féiniúlacht chruthaitheach shoiléir agus domhan saibhir a dtagann scéalta chun cinn go nádúrtha ann. Táimid ag lorg saothar atá dána, comhaimseartha, spraíúil agus samhlaíoch.

## An Fhís Eagarthóireachta

Táimid ag lorg ábhar beochana a bheidh:

- bunaithe ar choincheap láidir agus ar scéalaíocht den chéad scoth;
- lán de ghreann, spraoi, fuinneamh agus samhlaíocht;
- oiriúnach don sprioclucht féachana agus bunaithe ar thuiscint láidir ar a saol, a gcuid spéiseanna agus a gcuid grinn;
- bunaithe ar charachtair shainiúla a mbeidh páistí ag iarraidh filleadh orthu arís agus arís eile;
- bunaithe ar dhomhan saibhir a mbeidh sé d'acmhainn aige scéalta nua a ghiniúint thar roinnt séasúr;
- uaillmhianach ó thaobh na beochana, an deartha agus na féiniúlachta físiúla de;
- fréamhaithe sa Ghaeilge agus sa chultúr comhaimseartha, le téamaí agus scéalaíocht uilíoch.
- ton, luas agus greann ann atá oiriúnach don sprioclucht féachana;
- in acmhainn é a úsáid go nádúrtha ar ardáin eile agus in ábhar gearrfhoirme.
- féiniúlacht fhísiúil shainiúil aige a úsáidfidh gluaiseacht, amharc agus taibhiú chun greann, mothúcháin agus scéalaíocht a chur in iúl.

## Céard ba cheart a bheith san iarratas?

Ní mór na nithe seo a leanas a bheith san iarratas:

- **Achoimre ghearr** agus **cur síos** ar an tsraith.
- **Cur chuige físiúil**, lena n-áirítear an ealaín choincheapa, dearadh carachtar, dearadh timpeallachtaí, stíl bheochana agus tagairtí cruthaitheacha.

- **Cur chuige teanga:** Ní mór scríbhneoirí agus cruthaitheoirí Gaeilge a bheith lárnach i bhforbairt na sraithe ón tús. Ba cheart go ndéanfaí an bunchoincheap, na carachtair agus an domhan a fhorbairt de réir a chéile trí mheán na Gaeilge.
- **Cur síos ar an sprioclucht féachana** agus ar an gcúis a mbeidh an tsraith tarraingteach dóibh.
- **An fhoireann chruthaitheach**, lena n-áirítear an scríbhneoir, an stiúrthóir, an léiritheoir agus na **beochantóirí**
- **Buiséad forbartha**, ag úsáid theimpléad TG4.
- **Fianaise maidir le húinéireacht agus cearta.**

## Maoiniú Forbartha

Roghnófar suas le trí iarratas chun maoiniú forbartha suas le **€25,000** an ceann a fháil.

Is é cuspóir an mhaoinithe seo tacú le forbairt na sraithe go dtí caighdeán atá réidh le haghaidh cinneadh coimisiúnaithe agus le haghaidh comhpháirtithe maoinithe eile a mhealladh.

Ní hionann maoiniú forbartha agus gealltanas go ndéanfar an tsraith a choimisiúnú.

Faoi dheireadh na tréimhse forbartha, táthar ag súil go mbeidh siad seo a leanas ar fáil:

- eolaire iomlán na sraithe;
- forbairt iomlán déanta ar na príomhcharachtair agus ar an bhféiniúlacht fhísiúil;
- Na scripteanna do chláir 1 & 2 agus an achoimre ar an tsraith iomlán réidh;
- cur i láthair gonta agus an réamhbheochan forbartha;
- plean ilardáin; lena n-áirítear ábhar digiteach dúchasach agus na féidearthachtaí a bheadh ann don IP.
- **Plean forbartha agus maoinithe**, lena n-áirítear úsáid an mhaoinithe, na príomhchéimeanna forbartha agus deiseanna cómhaoinithe ar féidir iad a léiriú ar bhuiséad maoinithe féideartha

Ní dhéanfar measúnú ar thograí mura bhfuil buiséad (ar teimpléad Buiséad TG4) & plean airgeadais mionsonraithe leo.

Is féidir teagmháil a dhéanamh le Méabh Fields (meabh.fields@tg4.ie) le haon cheisteanna.

## Eolas Eile d'Iarrthóirí

Ní mór gach togra a chur ar aghaidh go leictreonach chuig TG4. Ní mór do chomhlachtaí léiriúcháin a chinntiú ar dtús go bhfuil siad cláraithe ar ár gcóras eCoimisiúin https://ecoimisiuin.tg4.ie/

Ina dhiaidh sin ba chóir iarratais a dhéanamh roimh an spriocdháta trí '**Forbairt Beochana Cúla4 2026**' a roghnú ón roghchlár anuas.

Cuirfear in iúl duit, go huathoibríoch, nuair a bheidh do thogra curtha ar aghaidh. Ní ghlacfar le tograí nuair a bheidh an spriocdháta deiridh atá tugtha caite.

Is féidir ceist ar bith faoin mbabhta seo agus faoi oiriúnacht an tionscadail a sheoladh chuig Caithríona Ní Churraoin caithriona.nichurraoin@tg4.ie

*Glacfar le hiarratais ar an mbonn go gcomhlíonfaidh iarrthóir gach dualgas reachtúil ábhartha.*

Níl sé d'oibleagáid ar TG4 glacadh leis an iarratas ar an bpraghas is ísle, ná le haon iarratas.

*Beidh aon chonradh ag brath ar Dheimhniú Imréitigh Cánach a bheith agat ó na Coimisinéirí Ioncaim.*

Beidh cearta saoil trasardáin ar fud an domhain ag TG4 ar an ábhar seo.

*An tAcht um Shaoráil Faisnéise: Ní mór d'iarratasóirí a thabhairt ar aird go bhféadfaí faisnéis a chuirtear ar fáil a nochtadh don phobal faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Ba cheart d'iarrthóirí aird a tharraingt ar aon fhaisnéis íogair (más ann di) agus an chúis go bhfuil an fhaisnéis sin íogair a thabhairt le fios. Ní féidir glacadh leis nach mbeidh oibleagáid ar TG4 faisnéis a eisiúint, fiú má mheasann an t-iarrthóir go bhfuil sí íogair agus go bhfuil sin curtha in iúl do TG4.*

*Ní ann d'aon chineál ceangail – conradh ná aon chineál eile – go dtí go mbeidh conradh foirmiúil scríofa forghníofa ag nó thar ceann TG4.*